



An Coimisiún um  
Chosaint Sonraí

Leanaí an  
Phríomhchúis agus  
an Bhunaidhm:  
Bunphrionsabail i ndáil le Cur  
Chuige atá Dírithe ar Leanaí  
maidir le Próiseáil Sonraí

# TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN GCOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ






# Clár Ábhar





---

<b>Réamhrá</b>	<b>4</b>
<b>Aighneachtaí maidir leis an gcomhairliúchán</b>	<b>6</b>
<b>Tráchteaireacht ghinearálta faoi théamaí a eascraíonn ón gcomhairliúchán</b>	<b>7</b>
<b>I. Aiseolas ón gComhairliúchán maidir le scóp na mBunphrionsabal</b>	<b>9</b>
1.1 “ar dócha go dtapódh”	10
1.2 Sainmhíniú ar leanaí i gcáil díorma	11
1.3 Stádas na mBunphrionsabal agus tréimhse cur i bhfeidhm	12
<b>II. Cúlbhunús dlí</b>	<b>13</b>
2.1 Leas an linbh	14
2.2 Leas dlisteanach agus an prionsabal “Gan aon chur isteach”	16
<b>III. Follasacht</b>	<b>18</b>
3.1 Eolas ar an lucht airdill	19
3.2 Míniú soiléir a thabhairt ar roghanna smachta an úsáideora agus ar roghanna réamhshocraithe	20
<b>IV. Cearta leanaí a fheidhmiú</b>	<b>21</b>
4.1 Aois leanaí	22
4.2 Inniúlacht a mheas	23
4.3 Feidhmiú thar ceann linbh (a dheimhniú gur caomhnóir duine)	24
<b>V. Deimhniú Aoise</b>	<b>25</b>
5.1 Cur chuige uilechuimsitheach maidir le deimhniú aoise	27
5.2 Deimhniú aoise agus laghdú sonraí	27
<b>VI. Próifiliú, Margaíocht Dhíreach agus Fógraíocht</b>	<b>29</b>
6.1 Cáineadh chur chuige an DPC arna áiteamh go bhfuil toirmeasc uilechuimsitheach i gceist lena sáraítear teorainneacha an rialachán GDPR	30
6.2 Próifiliú ar mhaithe le sainchóiriú	32
6.3 Próifiliú agus leas an linbh	32
<b>VII. Deiseanna chun cosaint sonraí ar ardleibhéal a chinntiú do leanaí</b>	<b>33</b>
7.1 Bearta maidir le Cosaint Sonraí trí Shaincheapadh agus trí Réamhshocrú	34
7.2 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)	35
<b>VIII. An Chéad Chéim eile</b>	<b>36</b>

---



# Réamhrá



---



## RÉAMHRÁ

I mí na Nollag 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (“DPC”) dréacht d’ábhar treorach “Leanaí an Phríomhchúis agus an Bhunaidhm: Bunphrionsabail i ndáil le Cur Chuige atá Dírithe ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí” (na “Bunphrionsabail”). Tháinig na Bunphrionsabail sin faoi anáil thoradh an chomhairliúcháin phoiblí a d’eagraigh an DPC, ina dhá shruth, i rith thús na bliana 2019, chomh maith le hanailís leitheadach dlíodóireachta agus ábhar saineolais ó gheallsealbhóirí príomhthábhachta maidir le cearta leanaí i rith na bliana 2019 agus na bliana 2020.

Idir an 18 Nollaig 2020 agus an 31 Márta 2021, d’eagraigh an DPC comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtleagan de na Bunphrionsabail d’fhonn an deis deiridh a thabhairt do na geallsealbhóirí a gcuid tuairimí a chur in iúl. Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar na príomhthéamaí a eascraíonn ó na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid. Tháinig 27 freagra i scríbhinn faoi bhráid an 27 mar gheall ar an gcomhairliúchán agus táthar buíodh díobh siúd ar fad a chaith a gcuid ama leis an gcúram. Tá cóip de na haighneachtaí a tháinig ó eagraíochtaí éagsúla ar fáil ar *láithreán gréasáin* an Choimisiúin. Thug an DPC na tuairimí agus ábhar uile na n-aighneachtaí faoi mhionbhreithniú agus tiocfaidh an obair an maidir leis an leagan críochnúil de na Bunphrionsabail faoina n-anáil. Luann an DPC tuairimí an Choimisiúin féin freisin sa tuarascáil seo faoi roinnt de na téamaí príobhthábhachtacha a eascraíonn ó na haighneachtaí maidir leis an gcomhairliúchán faoi na Bunphrionsabail.


## AIGHNEACHTAÍ MAIDIR LEIS AN GCOMHAIRLIÚCHÁN

### FREAGRAÍ DE RÉIR EARNÁLA



Mar a léirítear sa chairt thuas, tháinig an líon is mó aighneachtaí ó earnáil na teicneolaíochta, ó chuideachtaí agus ó chumainn tráchtála thar ceann eagraíochtaí éagsúla de chuid na hearnála. Díríodh ar réimse ceisteanna i rith an chomhairliúcháin agus rinneadh trácht i roinnt aighneachtaí ar líon níos mó de ranna na treorach ná mar a rinneadh in aighneachtaí eile. Cé nach féidir plé go mion leis na pointí ar fad, tugann an DPC achoimre ar na freagraí a tháinig maidir leis na gnéithe sin de na Bunphrionsabail is mó ar thug geallsealbhóirí tuairimí ina leith, mar seo a leanas:

### NA RANNA DEN ÁBHAR TREORACH IS MÓ AR TUGADH TUAIRIMÍ INA LEITH



Anuas ar an méid sin, tugtar léargas ar réimsí agus ar chineálacha na dtuairimí a chuir geallsealbhóirí in iúl maidir le gach roinn faoi leith de na Bunphrionsabail. Tá téamaí chomh maith leo sin a dtugann an DPC chun suntais go luaitear in aighneachtaí éagsúla iad maidir le níos mó ná prionsabal amháin den 14 Bunphrionsabal.

## TRÁCHTAIREACHT GHINEARÁLTA FAOI THÉAMAÍ A EASCRAÍONN ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN

Léiríodh sa chuid is mó de na haighneachtaí go rabhthas sásta gur chuir an DPC treoir ar fáil agus go n-aontaítear leis an gcuaspóir atá leis na Bunphrionsabail, go dtuigtear an tábhacht atá le sonraí pearsanta leanaí agus le leanaí is ábhar sonraí a chosaint, agus an gá atá le lón treorach maidir leis an ábhar seo. Aontaítear go forleathan freisin le cur chuige agus le modh oibre an DPC maidir leis na Bunphrionsabail a chur ar fáil, eadhon, taighde fhorleitheadach a dhéanamh agus próiseas comhairliúcháin a eagrú le leanaí agus le daoine fásta mar bhonnábhar don lón treorach. Aontaítear sa chuid is mó de na haighneachtaí freisin leis an mbéim a leagann an DPC ar leas an linbh mar phríomhphrionsabal treorach ar fud na mBunphrionsabal.

Ina ainneoin sin, ní mór a rá go mb'ábhar iontais don DPC éirim ghinearálta roinnt de na haighneachtaí, go háirithe aighneachtaí ó earnáil na teicneolaíochta nó ó chumainn tráchtála eagraíochtaí na hearnála sin. Leagtar amach dualgais ardleibhéil sa rialachán GDPR atá i bhfeidhm maidir le rialaitheoirí a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta leanaí. Sa dréachtleagan de na Bunphrionsabail, féachann an DPC le soiléiriú a thabhairt – ar mhaithe leis na rialaitheoirí agus leis na leanaí araon – ar na prionsabail a eascraíonn ó dhualgais den sórt sin a mbíonn súil ag an DPC go ndéanfaidh rialaitheoirí iad a chomhlíonadh. Cé gurbh é ba chuspóir le comhairliúcháin an DPC maidir leis an dréacht de na Bunphrionsabail go n-iarrfaí aiseolas maidir leis an dréachtcháipéis sin, ba chosúil ar chuid mhór aighneachtaí ó lucht an tionscail gur mhian leo go gcuirfí réimsí fairsinge den cháipéis ar neamhní gan malairt cur chuige a mholadh lena dtabharfaí i gcrích cosaint ar an ardchaighdeán céanna do leanaí a bhainfeadh úsáid as seirbhísí. Is díol suntais ina leith sin go bhfuil eagraíochtaí a áitíonn go bhfuil bearta cumhdaithe atá éifeachtúil dóthanach ar bun acu mar chuid dá gcuid seirbhísí maidir le sonraí pearsanta leanaí a chosaint, a chuireann in aghaidh ghnéithe lárnacha de na prionsabail a leagtar amach sa dréachtleagan de na Bunphrionsabail, mar shampla, a chuireann i gcoinne an phrionsabail chroílárnaigh go mbeadh feidhm leis na Bunphrionsabail maidir le gach leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois nó le seirbhísí “ar dócha go dtapódh leanaí” iad, agus a áitíonn go bhfuil seasamh an DPC maidir le próifíliú agus gan aon chur isteach ar chearta bunúsacha ná ar shaoirsí bunúsacha leanaí iomarcach agus ar míréir le tuairimí rialaitheoirí eile.


Mar atá curtha in iúl go soiléir ag an DPC ó chéim tosaigh an togra seo, tá ar cheann de na haidhmeanna lárnacha leis na Bunphrionsabail léargas a thabhairt ar na caighdeáin a bhaineann le sonraí leanaí a phróiseáil i dtimpeallacht dhigiteach nó i dtimpeallacht neamhlíneach. Rinne an DPC na réimsí a bpléitear leo faoi na Bunphrionsabail a thabhairt chun suntais agus a fhorbairt le linn caidreamh forleitheadach a dhéanamh le réimse fairsing geallsealbhóirí, leanaí, ar ndóig, ina measc.

---

Tá an DPC den tuairim go bhfuil buntábhacht lena admháil gur dream faoi leith leanaí i measc lucht úsáide seirbhísí, go mór mór maidir le cúrsaí ar líne, gur ábhair sonraí ina gcáil féin agus go bhfuil cosaint faoi leith dlite dóibh. Tá ról fíorthábhachtach le heagraíochtaí a oibríonn ardáin agus seirbhísí a mbíonn tóir orthu ag leanaí maidir leis an athrú cultúir seo a chur chun tosaigh ionas gur féidir le fiontair bheaga agus meánmhéide agus le comhlachtaí nua ar an margadh a bhfuil teorainn lena gcuid acmhainní déanamh amhlaidh. Is é tuairim an DPC gur den bhuntábhacht go nglacann eagraíochtaí leis gur gné chinniúnach agus riachtanach de ghnó a rith lena mbíonn brabús agus gnóthachtáil as leanaí mar dhream lárnach den lucht úsáide le leas an linbh agus leis na coinníollacha faoi leith maidir le sonraí leanaí a chosaint a éilítear faoin rialachán GDPR cinniúnach.

Admhaíonn an DPC go ndéanann na comhlachtaí ar a bhfuil na Bunphrionsabail dírithe, ar a n-áireamh le chéile, próiseáil ar shonraí pearsanta na gcéadta milliún leanbh, idir ardáin ilnáisiúnta ar líne, chlubanna áitiúla spóirt agus chomhlachtaí poiblí. Ní simplí an aidhm maidir le hábhar treorach a ullmhú go mbeadh feidhm ghinearálta leis sin maidir le gach uile earnáil i ndáil lena bhfuil de rún leis an rialachán GDPR maidir le cosaint faoi leith a chur ar fáil do leanaí. Le haird air sin, agus ag teacht le prionsabal na freagrachta, admhaíonn an DPC gur faoi chomhairle na rialaitheoirí i ndeireadh báire cinntí a dhéanamh trína gcinntítear go gcuirtear i bhfeidhm cosaint de na cineálacha faoi leith a n-éilítear orthu faoin rialachán GDPR iad a chur i bhfeidhm nuair atá leanaí i gceist. Os a choinne sin, ní chiallaíonn comhairle den sórt sin go bhfuil aon leithscéal maidir le neamhghníomh, moilleadóireacht nó diúltú i ndáil leis na Bunphrionsabail. Ní mór leas an linbh a bheith ar an mbunchúis le gníomhartha an rialaitheora sonraí agus ní mór bunleibhéal cosanta a bheith á chur ar fáil nach lú ná sin an chosaint a chuirtear ar fáil d'aon duine den lucht úsáide, go háirithe d'aon leanbh sa lucht úsáide.





# Aiseolas ón gcomhairliúchán maidir le scóip na mBunphrionsabal

# 1. AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN MAIDIR LE SCÓIP NA MBUNPHRIONSABAL

## 1.1 “ar dócha go dtapódh”

Cuireadh éagsúlacht tuairimí in iúl sna freagraí maidir le scóip na mBunphrionsabal i ndáil le heagraíochtaí “ar dócha go dtapódh” leanaí seirbhísí dá gcuid. Meastar in aighneachtaí áirithe (go mór mór ó earnáil na teicneolaíochta) go bhféadfaí an téarmaíocht “ar dócha go dtapódh” a chur in úsáid maidir le gach seirbhís a thairgítear ar líne, dá dtabharfaí san áireamh seirbhís a thapódh leanbh go teagmhasach, gan réamhbheartú nó ar bhealach teoranta, nuair nach seirbhís í, taobh amuigh de sin, a chuirtear ar fáil go speisialta do leanaí mar chuid de phríomhghnó na heagraíochta. Ar an taobh eile den scéal, leagadh béim faoi leith in aighneachtaí ó ghrúpaí abhcóidíochta, ó chomhlachtaí san earnáil phoiblí agus ó eagraíochtaí san earnáil phríobháideach ar an gcritéar seo mar cheann atá cinniúnach agus luadh go raibh sé ar cheann de na dea-thréithe is tábhachtaí maidir leis na Bunphrionsabail.

**Freagra an DPC:** Níl cur chuige an DPC maidir le rialáil ar an réimse seo dírithe ar na heagraíochtaí sin amháin a bhfuil a bhfuil seirbhísí dírithe go sainsocraithe ar leanaí nó ceaptha go sonraithe dóibh. De réir thaithí an Choimisiúin, is minic gurb i ndáil leis na heagraíochtaí nach ar leanaí amháin a dhírítear a gcuid seirbhísí ach a dtarlaíonn ina dhiaidh sin féin gur minic a thapaíonn leanaí iad, a thagann na ceisteanna is suntasaí i gceist ó thaobh cosaint sonraí chomh fada agus a bhaineann lena n-úsáid ag leanaí. Agraítear, sa bhreis air sin, i roinnt de na haighneachtaí go bhféadfaí an scóip atá beartaithe leis na Bunphrionsabail gur gá gach seirbhís a thairgítear ar líne a bheith ag teacht leis na Bunphrionsabail. Ní hamhlaidh an cás agus is den tábhacht a thabhairt chun aire go luaitear go soiléir in Alt 1.3 den dréacht de Bhunphrionsabail gur tagairt an nath “ar dócha go dtapódh leanbh” do chásanna “inar dóiche ná a mhalairt” gur mar sin an cás. Tá i gceist leis an scóip go dtiocfadh faoina scáth seirbhísí a bhfuil *dáiríre* líon suntasach leanaí á n-úsáid, fiú murar do leanaí den chuid is mó a cheapar an tseirbhís atá i gceist nó murar do leanaí a rinneadh an tseirbhís a cheapadh ar dtús.

De réir phrionsabal na freagrachta faoin rialachán GDPR, ceanglaítear ar eagraíochtaí na bearta cuí a dhéanamh chun a dheimhniú ar an gcéad dul síos an bhfuil sonraí pearsanta leanaí á mbailiú acu agus, ina dhiaidh sin, a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin níos airde a éilítear ar rialaitheoirí faoin rialachán GDPR i ndáil le sonraí leanaí a phróiseáil. Sa bhreis air sin, leagtar béim i mBarúil Ghinearálta Uimh. 25 Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh, faoina bhfuil de cheart ag leanaí i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach<sup>1</sup> (a foilsíodh ó thráth foilsithe na mBunphrionsabal i leith) ar an ngá atá lena cheangal ar na gnóthais ar fad a mbíonn tionchar acu ar chearta leanaí i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach creatchórais rialála, cóid tionscail agus téarmaí seirbhíse a chur i bhfeidhm trína gcloítear leis na caighdeáin is airde maidir le gnéithe eite, príobháideachais agus sábháilteachta le linn obair dearthóireachta, innealtóireachta, forbartha, feidhmiúcháin, dáiliúcháin agus margáíochta ar a gcuid táirgí agus seirbhísí, agus go dtagann san áireamh leis sin gnóthais a dhíríonn ar leanaí, a bhfuil leanaí ar an lucht úsáide deiridh acu nó a théann i bhfeidhm ar leanaí ar aon bhealach eile.

<sup>1</sup>Foilsíodh Barúil Ghinearálta Uimh. 25 ar chearta an linbh maidir leis an timpeallacht dhigiteach ar an 23 Márta 2021. Is féidir teacht air anseo: [https://tbinternet.ohchr.org/\\_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CRC/C/GC/25&Lang=en](https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CRC/C/GC/25&Lang=en)

Ar na cúiseanna sin, tá an DPC cinnte gurb é an cur chuige is cóir na Bunphrionsabail a chur i bhfeidhm i ndáil leis na heagraíochtaí sin ar dócha go dtapódh leanaí a gcuid seirbhísí. Dá ndéanfaí cúngú maidir le scóip na mBunphrionsabal ar an dóigh a mholtar i roinnt de na haighneachtaí, d'fhéadfadh go gcruthófaí an cás nach ndéanadh eagraíochtaí ach a dhearbhu gan miondealú nach bhfuil seirbhís dírithe ar leanaí ná ceaptha do leanaí agus go dtarlódh leis sin nach é amháin go lagófaí ach go bhféadfadh go gcuirfí ar neamhní go hiomlán an chosaint do leanaí ar líne arb é atá i gceist a thabhairt i gcrích leis an bprionsabal seo. **Ní mór d'eagraíochtaí a admháil go bhfuil de dhualgas orthu meastóireacht oibiachtúil a dhéanamh, bunaithe ar fhianaise, maidir leis an gceist faoi sheirbhís dá gcuid a theacht faoi scáth scóip na mBunphrionsabal.**

Cé go bhfuil an DPC den tuairim i gcónaí, tar éis freagraí a tháinig ar an gcomhairliúchán a mheas, nach bhféadfaí le réasún an chiall "seirbhís ar bith a bhféadfadh leanbh a thapú ar bhealach ar bith ar an idirlíon" a bhaint as an bhfoclaíocht "ar dócha go dtapódh" a úsáid, tá leasú de chineálacha éagsúla ar an téacs atá faoi chaibidil á dtabhairt san áireamh ag an DPC, ina ainneoin sin, d'fhonn soiléire breise a thabhairt i bhfeidhm i ndáil le ceann de bhonnchlocha lárnacha na mBunphrionsabal.

## 1.2 Sainmhíniú ar leanaí i gcáil díorma

Sonraítear sna Bunphrionsabail gur ionann, chun críche cosaint sonraí, leanbh in Éirinn agus duine atá faoi bhun 18 bliana<sup>2</sup>. Cé go raibh béim i roinnt aighneachtaí ar an tábhacht atá lena shonrú sna Bunphrionsabail gur leanbh duine ar bith atá faoi bhun 18 bliana d'aois, luaitear in aighneachtaí eile gur ábhar buartha nach raibh á thabhairt san áireamh ag an DPC go mbíonn acmhainní leanaí faoi éabhlóid agus go raibh neamhaird á dhéanamh do chumas agus do riachtanas dhéagóirí leis an uile dhuine óg a thabhairt faoi scáth na mBunphrionsabal, go gcuirfeadh sin srian lena gcuid neamhspleáchais, lena dteacht ar fhaisnéis agus leis an bhforbairt dhigiteach orthu.

**Freagra an DPC:** I rith iomlán an phróisis maidir leis an gcomhairliúchán agus leis an dréachtú, bhí caidreamh forleitheadach ag an DPC le saineolaithe maidir le cearta leanaí agus cosaint leanaí agus rinneadh cuid mhór taighde dlí agus taighde litríochta maidir le cearta an linbh ar leibhéal na hÉireann agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tugtar "duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois"<sup>3</sup> de shainmhíniú ar leanbh in Airteagal 1 i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ("CNACL") faoi mar a dhéantar faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018. Ní thugtar sainmhíniú ar leanbh sa rialachán GDPR ach luaitear in Airteagal 8 den rialachán GDPR gur féidir le rialaitheoir dul i muinín thoiliú an linbh sa chás go mbíonn an leanbh 'os cionn 16 bliana d'aois' (nó níos óige ná sin sa chás go ndéantar foráil dá leithéid faoin dlí náisiúnta; 16 bliana d'aois a bhaineann le hábhar in Éirinn). Mar a luann an ICO, níl dá réir sin aon "impleacht sa GDPR nach mbíonn leanaí leanaí a thuilleadh nuair a shroicheann siad an aois nuair is féidir leo toiliú a thabhairt chun a sonraí pearsanta féin a phróiseáil"<sup>4</sup>. Is cosúil, bunaithe ar an taighde a rinne an DPC, gur téama coitianta a bhíonn fite trí na príomhthéacsanna acadúla faoi chearta an linbh an coincheap gur spás cumhdaithe an óige agus go leanann an óige go mbíonn 18 mbliana slán ag an duine. Áitíonn 5Rights Foundation, grúpa abhcóidíochta tábhachtach maidir le cearta an linbh go bhfuil leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois "i

<sup>2</sup>Féach Alt 29 san Acht um Chosaint Sonraí 2018

<sup>3</sup>Mura sonraítear a mhalairt faoin dlí infheidhme

<sup>4</sup>Féach tuarascáil an ICO faoi na freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí a eagraíodh maidir leis an Age-Appropriate Design Code, atá ar fáil ag: <https://ico.org.uk/media/about-the-ico/consultations/aadc/2616996/summary-of-responses.pdf>

dteideal na bpríbhleáid agus na cosaintí a leagtar amach san UNCRC<sup>5</sup>.

Admhaíonn an DPC an tábhacht atá le haird ar éabhlóid a theacht ar acmhainní leanaí (ceann de phrionsabail bhuntábhachtacha CNAACL), agus molann an DPC go tréan do rialaitheoirí sonraí sin a thabhairt san áireamh maidir le leagan amach a gcuid seirbhísí agus a n-oibriú, chomh maith leis an gcoincheap sin a thabhairt san áireamh nuair a bhítear ag plé le leanaí is ábhar sonraí ar mian leo cearta dá gcuid a fheidhmiú. Is den tábhacht, os a choinne sin, a thabhairt chun aire nach ionann a cheangal le hAirteagal 5 in CNAACL go gcuirtear treoir agus comhairle chuí ar fáil do leanaí maidir le cearta dá gcuid a fheidhmiú ar bhealach atá ag teacht leis an éabhlóid ar a gcuid acmhainní agus a rá gur cheart caitheamh le leanaí mar a bheidís ina ndaoine fásta. Ina ionad sin, is ceart bearta cosanta a thabhairt i bhfeidhm lena n-admhaítear go mbíonn acmhainní leanaí faoi éabhlóid ach nach bhfuil iomlán na héabhlóide tugtha i gcrích go fóill<sup>6</sup>. Anuas ar an méid sin, ionas gur féidir le rialaitheoirí sonraí sin a dhéanamh, ní mór dóibh eolas a bheith acu ar an gcéad dul síos go bhfuil siad ag plé le leanbh agus ar an dara dul síos, eolas a bheith acu ar réimse aoise an linbh.

### 1.3 Stádas na mBunphrionsabal agus tréimhse cur i bhfeidhm

Cuirtear ceisteanna i roinnt de na haighneachtaí maidir le stádas na mBunphrionsabal faoin dlí agus faoi thréimhse áirithe forfheidhmiúcháin a cheadú do rialaitheoirí sonraí ar leagan críochnúil den treoir a shocrú. Cuirtear ceisteanna i roinnt de na haighneachtaí chomh maith faoi phleananna an DPC i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na mBunphrionsabal.

**Freagra an DPC:** Is cáipéis thoirtiúil treorach atá i gceist leis na Bunphrionsabail ina leagtar amach prionsabail léirmhíniúcháin faoi chosaint sonraí dírithe ar chás leanaí go sonrath agus cé nach bhfuil bonn reachtaíochta i gceist leo (faoi mar atá mar shampla i gcás Age-Appropriate Design Code an ICO<sup>7</sup>), tiocfaidh cur chuige an DPC maidir le bearta maoirseachta, rialála agus forfheidhmiúcháin i ndáil le sonraí pearsanta leanaí faoina n-ánáil. I bhfianaise a dtarlaíonn de bhaol do leanaí mar gheall ar shonraí pearsanta dá gcuid a phróiseáil, go háirithe maidir le cúrsaí ar líne, agus i bhfianaise gá gear le hathruithe tábhachtacha ó thaobh cultúir agus le feabhas suntasach maidir le bearta cosanta do leanaí, **tá de rún ag an DPC go mbeadh éifeacht ar an toirt leis na Bunphrionsabail, arna bhfoilsíú san fhoirm dheiridh, agus nach mbeadh aon tréimhse eatramhach i gceist maidir le comhlíonadh.** Tugtar san áireamh leis sin nach cód reachtúil atá i gceist leis na Bunphrionsabail agus nach bhfuil aon cheangal réamhthréimhse eatramhach a leagan amach maidir le treoir ar bith a chuireann an DPC ar fáil. Anuas air sin, tá an rialachán GDPR i bhfeidhm anois níos mó ná 3 bliana. Ba chóir go mbeadh eagraíochtaí a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta leanaí – go háirithe sna hearnálacha digiteacha ina bhfuil na múnláí gnó bunaithe ar shonraí pearsanta a phróiseáil maidir le seirbhísí a chur ar fáil – ar feadh an tréimhse sin, i gcomhlíonadh a leagtar de dhualgas cuntasachta orthu faoin rialachán GDPR, ag coinneáil a gcuid beartaíochta maidir le cosaint leanaí faoi athbhreithniú seasta leanúnach agus á leasú d'fhonn na caighdeáin cosanta níos airde a éilítear faoin rialachán GDPR a thabhairt i gcrích maidir leis an bpróiseáil ar shonraí leanaí.

<sup>5</sup>Rights Foundation. *But How Do They Know It Is A Child? Age Assurance in the Digital World*. Márta 2021

<sup>6</sup>Innocenti Insight: *The Evolving Capacities of the Child*, Gerison Lansdown (2005)

<sup>7</sup>Tá dlite ar an ICO sin a ullmhú faoi Alt 123 in Data Protection Act 2018 na Ríochta Aontaithe



# An cúlbhunús dlí

## 2. AN CÚLBHUNÚS DLÍ

### 2.1 Leas an linbh

Tá na Bunphrionsabail bunaithe ar leas an linbh, prionsabal a eascraíonn ón dlí idirnáisiúnta (CNAACL atá ina chuid de dhlí an AE agus den dlí náisiúnta). Éilítear dá réir sin tús áite a thabhairt don dualgas déanamh ar mhaithe le leas an linbh an tráth a mbíonn cás leanaí is ábhar sonraí á mheas agus i ngach comhthéacs a bhaineann le cinntí a dhéanann eagraíocht i ndáil leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta leanaí. Is ceart an prionsabal maidir le leas an linbh a bheith ar an bpríomhchúinse a thugtar san áireamh maidir le cinneadh ar bith a dhéantar i mbun sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil, agus luaitear go sainráite an tábhacht atá le measúnacht den sórt sin a dhéanamh maidir leis na Bunphrionsabail seo a leanas, Uimh. 3 (“Gan aon chur isteach”), Uimh. 7 (“Cead cainte ag leanaí”), Uimh. 12 (“Cosc ar phróifiliú”), agus Uimh. 13 (“Déantar MTCS”).

Cé go luaitear i mórchuid na n-aighneachtaí fabhar le béim an DPC ar an tábhacht atá le leas an linbh, luaitear an tuairim i roinnt aighneachtaí nach bhfuil cur chuige uilechuimsitheach i gceist ag an DPC maidir le prionsabal leas an linbh a chur i bhfeidhm agus go bhfuil iomarca béime ar cheart príobháideachais an linbh faoi CNAACL in ionad cothromaíocht idir an ceart sin agus na cearta eile ar fad atá ag leanaí faoi CNAACL.

**Freagra an DPC:** Is é an chéad phointe le lua ag an DPC go mbaineann na Bunphrionsabail leis an gceart, dá dtugtar cosaint faoin gCairt<sup>8</sup>, atá ag daoine go gcosnófaí a gcuid sonraí pearsanta. Tá na Bunphrionsabail á gcur ar fáil d’fhonn soiléiriú a thabhairt maidir leis na prionsabail, a eascraíonn ó dhualgais ardleibhéil faoin rialachán GDPR, a mbíonn an DPC ag tnúth go gcloífidh eagraíochtaí leo a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta leanaí. I bhfianaise cúraim an DPC mar údarás maoirseachta faoin GDPR, ní hé an chaoi a bhfuil na Bunphrionsabail á gcur ar fáil chun feidhm a thabhairt d’Airteagal 16 i CNAACL (*ceart príobháideachais* an linbh faoin dlí idirnáisiúnta) ainneoin go bhféadfadh cuid mhór de na ceisteanna a thagann san áireamh leis na Bunphrionsabail a bheith ag baint leis an gceart sin. Agus na Bunphrionsabail á n-ullmhú, faoi mar a mhínítear sa dréacht, bhain an DPC úsáid as prionsabail forléiriúcháin<sup>9</sup> a eascraíonn as CNAACL i bhfianaise go bhfuil CNAACL – faoi mar a léirítear i Roinn 2 sna Bunphrionsabail – ar an ngné is lárnaí den chúlra dlí atá le cearta leanaí. Tuigtear go hiomlán don DPC nach dtarlaíonn cearta a chur in ord tábhachta faoi CNAACL agus gur gá cur chuige uilechuimsitheach maidir le prionsabal leas an linbh a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn cearta an linbh i gceist. An tráth céanna, ní ghlacann an DPC le cur i láthair na gceisteanna faoi mar a leagtar amach i roinnt de na haighneachtaí, eadhon gur gá go mbeadh toradh chun dochair ar chearta substaintiúla áirithe faoi CNAACL, mar shampla an ceart tuairim a chur in iúl nó an ceart spraoi a dhéanamh, ar cheart an linbh maidir

<sup>8</sup>Féach Airteagal 8 sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá téacs iomlán na Cairte ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:12012P/TXT>

<sup>9</sup>Féach alt 1 agus alt 6 i mBarúil Ghinearálta Uimh. 14 (2013) Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh, faoi cheart an linbh go mbeadh leas an linbh ar an bpríomhchúinse a thugtar san áireamh (airt. 3, alt 1)\*. Ar fáil ag: [https://www2.ohchr.org/English/bodies/crc/docs/GC/CRC\\_C\\_GC\\_14\\_ENG.pdf](https://www2.ohchr.org/English/bodies/crc/docs/GC/CRC_C_GC_14_ENG.pdf). Féach freisin Barúil Ghinearálta Uimh. 5 Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh faoi alt 12 ina ndírítear aird ar ceithre phrionsabal ginearálta a bhaineann le “cur i bhfeidhm éifeachtúil” ar CNAACL, eadhon Airteagal 2 (neamh-idirdhealú), Airteagal 3(1) (leas), Airteagal 6 (an ceart bunúsach chun na beatha agus dualgais an stáit marthanacht agus forbairt a chinntiú) agus Airteagal 12 (an ceart tuairim a chur in iúl gan bhac agus an aird chuí á tabhairt ar na tuairimí sin).

le cosaint sonraí a chaomhnú. Is fiú a lua ina leith sin go bhfuil soiléirithe ag Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh go bhfuil an prionsabal maidir le leas an linbh dírithe ar a chinntiú go dtarlaíonn leas iomlán éifeachtúil as na cearta uile a bhfuil aitheantas dóibh faoin gCoinbhinsiún agus forbairt uilechuimsitheach an linbh<sup>10</sup> (leis an DPC an bhéim).

Is ar na heagraíochtaí atá de fhreagracht cearta agus stádas leanaí is ábhar sonraí a mheas i gcomhréir ní amháin leis an rialachán GDPR ach le CNAACL agus le prionsabal leas an linbh d'fhonn a chinntiú go gcuirtear an chosaint shonrach a éilítear faoin rialachán GDPR i bhfeidhm go hiomlán nuair a bhíonn sonraí pearsanta leanaí á bpróiseáil agus gur féidir leis an eagraíocht an dóigh a dtugtar prionsabal leas an linbh i bhfeidhm a léiriú i bhfianaise na réimsí baoil a ghabhann leis na bearta próiseála atá i gceist. Sa chás go measann eagraíochtaí míréiteach idir cearta agus stádas an linbh faoin rialachán GDPR, agus cearta substaintiúla faoi leith bunaithe ar CNAACL, ní mór an eagraíocht a bheith in acmhainn a léiriú, i gcúinsí uile an cháis, gur cuireadh chuig an bpróiseáil is cúis leis an míchóiriú measta sin de réir na measúnachta agus na hanailíse a rinneadh i ndáil le leas an linbh. I gcuid mhór cásanna, beidh gá sin a bhunú ar lón comhairle ó shaineolaithe agus ar chur chuige bunaithe ar fhianaise<sup>11</sup>.

Taobh amuigh de chúrsaí tráchtála, ní léir don DPC tuige an mbeadh aon ghá le hidirbhabhtáil maidir le hacmhainneacht agus le cosaint leanaí i dtimpeallacht dhigiteach. Is féidir seirbhísí a chur ar fáil ar líne a chuireann le hacmhainneacht leanaí agus atá tarraingteach acu agus a fhágann an tráth céanna cosaint ar an gcaighdeán is airde dá gcuid sonraí pearsanta. Tuigeann an DPC go mbeidh dícheall suntasach de dhíth, go háirithe ar fud earnáil na teicneolaíochta, chun dlúthchuid de sheirbhísí ar líne a dhéanamh de phrionsabal leas an linbh ar bhealach atá dáiríre agus uilechuimsitheach ach ní mór d'eagraíochtaí glacadh leis gur cuid den chostas maidir le gnó a dhéanamh le leanaí na réimsí breise freagrachta seo agus an chastacht bhreise maidir le comhlíonadh.

Ar na cúiseanna sin ar fad, tá an DPC den tuairim nach gá aon athrú substaintiúil ar an gcuid sin de na Bunphrionsabail mar gheall ar an aiseolas a cuireadh faoi bhráid. Tá, ina dhiaidh sin, an DPC ag smaoineamh ar leasú soiléireachta ar an téacs in áiteanna éagsúla d'fhonn a léiriú go dtuigeann an DPC go bhféadann prionsabal leas an linbh gur gá measúnacht uilechuimsitheach, bunaithe ar réimsí freagrachta, ar na cúinsí go léir a bhaineann le hábhar, cearta eile san áireamh de réir mar a thuigtear don eagraíocht go dtagann sin i gceist, agus gur le measúnacht den sórt sin is féidir le heagraíocht a léiriú go ndearnadh an prionsabal maidir le leas an linbh a chur i bhfeidhm.

<sup>10</sup> ibid

<sup>11</sup>Féach mar shampla alt 94 i mBarúil ghinearálta Uimh. 14 (2013) Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh faoin gceart atá ag leanbh gur mbeadh leas an linbh ar an bpríomhchúinse a thabharfaí san áireamh (airt. 3, alt 1)\*: *“Is grúpa éagsúil iad leanaí, lena s(h)aintréithe agus gá féin acu. Ní féidir iad seo a mheas go sásúil ach amháin ag daoine proifisiúnta a bhfuil saineolas acu i gceisteanna maidir le forbairt an linbh agus an ógánaigh. Is é seo an fáth gur cheart go ndéanfar an próiseas measúnaithe foirmiúil in atmaisféar cairdiúil agus sábháilte ag daoine proifisiúnta atá oilte, inter alia, i siceolaíocht an linbh, forbairt an linbh agus réimsí ábhartha eile maidir le forbairt an duine agus forbairt shóisialta, a bhfuil taithí acu ag obair le leanaí agus a smaoinídh ar an eolas a fhaigheann siad i mbealach oibiachtúil, Chomh fada agus is féidir, ba cheart go mbeadh foireann ildisciplíneach daoine proifisiúnta páirteach i leas an linbh a mheas.”*

---

## 2.2 Leas dlisteanach agus an prionsabal “Gan aon chur isteach”



Tharla cuid mhór cur in aghaidh an bhunphrionsabal “Gan aon chur isteach” i bhfreagraí a tháinig ó eanáil na teicneolaíochta chuig an DPC. Baineann an prionsabal sin le soláthraithe seirbhísí ar líne a dhéanann próiseáil ar shonraí leanaí agus a chinntiú nach dtarlaíonn leas dlisteanach a fheidhmiú ina chur isteach ar, ar neamhréir le, nó ina thionchar míthairbheach ar leas an linbh ar aon bhealach. Luaitear de thuairim i gcuid de na haighneachtaí go raibh á chur i gceist ag an DPC nach bhféadfaí beag ná mór dul i muinín Airteagal 6(1)(f), go raibh an DPC ag dul níos faide leis an gcás ná an beart cothromaíochta idir leasa dlisteanacha a leagtar amach faoin rialachán GDPR agus gur chóir feidhm le tástáil chothromaíochta mar a chéile leis sin sa chás gur sonraí leanaí atá i gceist. Cuirtear an tuairim chun cinn freisin go bhfuil á mholadh ag an DPC nach féidir seasamh leis an leas dlisteanach atá ag eagraíocht ar bith nuair is sonraí leanaí atá á bpróiseáil.

**Freagra an DPC:** Mar réamhphointe, ní luaitear sna Bunphrionsabail go séantar Airteagal 6(1)(f) ar sholáthraithe seirbhísí ar líne mar bhonn dlí maidir le sonraí leanaí a phróiseáil. Is féidir le heagraíocht dul ina mhuinín sin mar bhonn dlí, de réir mar is cuí, ar choinníoll gur féidir leis an eagraíocht a léiriú nach n-imríonn leas tráchtála na heagraíochta tionchar míthairbheach ar leas an linbh ar aon bhealach. Ní mheasann an DPC gur chóir an tástáil chothromaíochta chéanna maidir le leasa dlisteanacha agus a thagann i gceist le daoine fásta is ábhar sonraí a chur i bhfeidhm nuair is sonraí leanaí atá i gceist, ó bheadh neamhaird iomlán á dhéanamh le cur chuige den sórt sin den choinníoll a luaitear go sainiúil faoin rialachán GDPR go bhfuil dlite cosaint faoi leith a thabhairt do leanaí agus gur chóir d’eagraíocht a bheadh ag féachaint le dul i muinín Airteagal 6(1)(f) aird a thabhairt “go háirithe” ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha leanaí is ábhar sonraí. Is léir agus is follas faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí an AE gur chóir príomhthábhacht a bheith le leas an linbh agus cinneadh ar bith á dhéanamh maidir le sonraí leanaí a phróiseáil. Ciallaíonn sin, go háirithe, gur chóir i ngach cás tús áite ag leas agus ag saoirse leanaí is ábhar sonraí ar cheart agus ar leas eagraíochta atá i mbun próiseála ar shonraí pearsanta leanaí chun críche tráchtála. Cé go gceadaítear go ginearálta mar gheall ar fhoras dlí maidir le leas dlisteanach oiread áirithe trasnaíochta, ach sin a bheith comhréireach, le cearta dhaoine is ábhar sonraí, is ceart atomhas a dhéanamh maidir leis an tástáil chothromaíochta atá intuigthe leis an bhforas dlí sin nuair is leanbh is ábhar sonraí. Is cosúil gur tharla éiginnteacht áirithe ar roinnt geallsealbhóirí maidir lena gciallaíonn “ina chur isteach ar, ar neamhréir le” agus “gan aon chur isteach” (a raibh roinnt a bhainfeadh de chiall as go dtabharfaí san áireamh cur isteach tairbheach fiú amháin), ach tá an DPC den tuairim ina ainneoin sin go dtugtar le fios go soiléir leis an téacs, mar atá, gur “tionchar míthairbheach” atá i gceist leis sin.

Luann eagraíochtaí áirithe nach ndéanann an DPC foráil do chásanna ina bhféadfadh leas dlisteanach eagraíochta tionchar míthairbheach a imirt ar leas linbh ach go bhféadfaí torthaí chun dochair den sórt sin a mhaolú. Sa chás gur féidir le heagraíocht a léiriú go bhfuil maolú chomh mór déanta ar thionchar míthairbheach agus nach dtarlaíonn dá bharr aon chur isteach ar leas an linbh, bheadh toradh na mbeart maolúcháin sin ag teacht leis an bprionsabal gan aon chur isteach.


Luaitear freisin mar ábhar buartha go bhféadfadh gurb é toradh a bheadh ar an gcur chuige atá beartaithe ag an DPC maidir le cothromaíocht idir leasa dlisteanacha nach bhféadfaí seirbhísí eagraíochta a chur ar fáil do leanaí ionas go séanfaí deiseanna






breátha ar ábhar ar líne ar leanaí agus an seans a gcuid cearta, faoi CNAACL, maidir le tuairim a chur in iúl agus le dul i gcomhlachas agus eile a fheidhmiú. Tá an DPC den tuairim gur féidir le soláthraithe seirbhíse gnéithe den phróiseáil a bhféadfadh trioblóid a theacht i gceist leo a ghlanadh óna gcuid seirbhísí (nuair a thairgítear iad do leanaí ar a laghad ar bith) agus, dá réir sin, seirbhís ar líne atá saoihiúil a thairiscint do leanaí gan bhagairt do chearta bunúsacha agus do shaoirsí bunúsacha na leanaí.

Ní hé atá de chuspóir leis an mBunphrionsabal “Gan aon chur isteach” go séanfaí dul i muinín Airteagal 6(1)(f) mar bhonn dlí do phróiseáil ach go gcinnteofaí, sa chás go mbeifí ag dul i muinín an Airteagail sin mar bhonn dlí, go mbeadh measúnacht ionraic dáiríre á dhéanamh ag eagraíochtaí maidir le réimsí baoil agus réimsí tionchair ar leanaí a úsáideann seirbhís agus go mbeadh tús áite á thabhairt dáiríre do leas an linbh chun tosaigh ar leas tráchtála na heagraíochta nuair a éilítear sin de réir thoradh na measúnachta. Sa chás go mbíonn córas gnó á leagan amach nó á fheidhmiú ag eagraíocht atá ag brath beagán ar bith ar phróiseáil a dhéanamh ar shonraí leanaí i measc sonraí an lucht úsáide, ní mór don eagraíocht sa chás sin a bheith toilteanach glacadh go lándáiríre leis na réimsí breise dualgais agus freagrachta a ghabhann leis sin. Ba cheart go mbeadh eagraíochtaí a áitíonn gur gné chroílárnach dá gcuid seirbhíse cheana féin leas an linbh ullamh agus toilteanach ar ghlacadh leis sin.





# Follasacht

### 3. FOLLASACHT

I ndáil le cúrsaí follasachta, tá béim sna Bunphrionsabail ar thrí cinn de phríomhphrionsabail lárnacha: “Eolas ar an lucht airdill”, “Faisnéis i ngach cás”, agus “Trédhearcacht a dhírítear ar leanaí”.

#### 3.1 Eolas ar an lucht airdill

Leagtar béim sna Bunphrionsabail ar a thábhachtaí atá eolas a bheith ag eagraíochtaí ar na daoine atá sa lucht airdill, ar an gcéad dul síos ionas gur féidir leo a mheas an dtagann siad faoi scáth na mBunphrionsabal (Alt 1) agus, chomh maith leis sin, ionas gur féidir an t-eolas follasachta a chóiriú ar mhaithe le hoiread áisiúlachta agus sothuigtheachta agus is féidir. Cuireann an DPC roinnt samplaí ar fáil de mhodhanna inar féidir sin a dhéanamh, mar shampla tástáil úsáideora, taighde margaidh, comhairliúchán úsáideora agus intleacht shaorga (AI) agus nithe eile a úsáid<sup>12</sup>. Luaitear mar ábhar buartha in aighneachtaí áirithe go bhfuil iomarca den saintreoir i gceist leis seo mar liosta agus gur cheart go mba faoi eagraíocht na seirbhíse a shocrú cén modh is oiriúnaí ina leith. Luaitear gur ábhar buartha go luann an DPC AI mar shampla de bhealach ina bhféadfadh eagraíocht a chinntiú go mbíonn “eolas ar an lucht airdill” agus go bhféadfaí a mheas gur ionann sin agus úsáid as AI a mholadh mar dheis chun próifíliú a dhéanamh ar leanaí, ar a gcuid riachtanas agus ar a gcuid réimsí spéise. Cuirtear an tuairim in iúl freisin nach féidir “eolas ar an lucht airdill” a chothú gan sonraí aitheantais breise a thiomnú, rud a mheastar a bheith ag dul in aghaidh an phrionsabail maidir le laghdú sonraí.

**Freagra an DPC:** Níl sa liosta modhanna arna gcur ar fáil ag an DPC in Alt 1.3 ach moltaí samplacha a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm ionas go mbeadh “eolas ar an lucht airdill” ag eagraíochtaí agus – mar a luaitear go sainráite sna Bunphrionsabail – ní liosta uilechuimsitheach ann. Is iad na heagraíochtaí féin is fearr a thuigfidh an modh is oiriúnaí le húsáid chun na críche seo maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus níl de cheangal orthu aon cheann de na samplaí sin a mholann an DPC a úsáid.

I ndáil le tagairt an DPC do AI, is támhthagairt sin nach ndéantar d’aon ghnó d’fhonn úsáid as AI a mholadh ná a dhímholadh maidir le measúnacht eagraíochta ar an lucht airdill ná deimhniú aoise ag eagraíocht. Tá, ina dhiaidh sin, an DPC ag smaoineamh ar ábhar breise treorach a chur leis na Bunphrionsabail maidir le húsáid as AI chun leanaí i measc an lucht úsáide a thabhairt chun suntais.

Ar chuma ar bith, ní aontaíonn an DPC leis an áitiú go gciallaíonn a cheangal ar sholáthraí seirbhíse ar líne eolas a chur ar an lucht airdill gur gá sonraí breise aitheantais a bhailiú agus go mbeadh sé dá réir sin in aghaidh an phrionsabail maidir le laghdú sonraí. Níl aon cheangal ar rialaitheoirí sonraí géara aitheantais a bhailiú chun eolas a chur ar an lucht airdill. Tá samplaí éagsúla curtha ar fáil cheana féin ag an DPC de bhealaí ina bhféadfaí sin a dhéanamh ach, i ndeireadh báire, is ar an eagraíocht atá an fhreagracht agus is faoin eagraíocht a bheith dearfa go bhfuil an fhaisnéis follasacht chuí á cur ar fáil

<sup>12</sup>Alt 1.3


---

don lucht úsáide, go háirithe sa chás gur leanbh duine den lucht úsáide. Luaitear laghdú sonraí mar chúis freisin le cur in aghaidh ghnéithe éagsúla de na Bunphrionsabail maidir le deimhniú aoise agus déantar plé breise ina leith i Roinn 5.2 thíos.

### 3.2 Míniú soiléir a thabhairt ar roghanna smachta an úsáideora agus ar roghanna réamhshocraithe

Moltar sna Bunphrionsabail gur chóir d’eagraíochtaí míniú soiléir a thabhairt ar roghanna smachta an úsáideora agus ar roghanna réamhshocraithe agus gur chóir míniú a chur ar fáil do leanaí ar na cúiseanna le socruithe áirithe a bheith múchta go huathoibríoch nó séanta orthusan de réir rogha réamhshocraithe. Luaitear an tuairim go dtéann coinníoll den sórt sin níos faide ná mar a éilítear ar rialaitheoir sonraí faoin rialachán GDPR. Os a choinne sin, cé go n-aontaítear freisin go gcuireann an coinníoll sin bonn treise faoi chur chuige atá lánfhollasach maidir le dearthóireacht táirgí, iarrtar ar an DPC breis comhairle agus treorach a chur ar fáil faoi mhodhanna ina bhféadfadh eagraíocht an coinníoll seo a chomhlíonadh ar bhealach nach mbeadh ina spreagadh freisin ag leanaí sa lucht úsáide féachaint le héalú ó bhearta den sórt sin agus féachaint le deis a fháil ar ghnéithe srianta/séanta (arna thuar go mbeadh i ndán go mbeadh deacracht ag eagraíochtaí agus iad ag féachaint le teacht ar an gcothromaíocht idir an dá chás seo nach dtagann le chéile).

**Freagra an DPC:** Measann an DPC gur gné ríthábhachtach den dualgas maidir le cosaint sonraí trí shaincheapadh agus trí réamhshocrú atá ar na heagraíochtaí ar fad a fheidhmíonn ina rialaitheoirí sonraí, gur gá bearta rialála a chuireann le príobháideacht agus roghanna do leanaí a chur ar fáil mar réamhshocrú maidir le bunchóras na seirbhíse ar líne. Mar chuid den chomhlíonadh maidir le dualgais follasachta, dá bhrí sin, ba chóir d’eagraíocht míniú a chur ar fáil do leanaí ar na cúiseanna le socruithe áirithe a bheith múchta go huathoibríoch nó séanta orthusan de réir rogha réamhshocraithe. Os a choinne sin, tá an DPC ag smaoineamh faoin bpointe níos ginearálta a chuirtear i láthair maidir leis an gcothromaíocht idir bearta follasachta maidir le gnéithe áirithe don lucht úsáide fásta a bheith á séanadh nó á mblocáil agus an baol go dtarlódh seachaint bhearta den sórt sin i gcásanna áirithe agus díreofar ar an gceist sin sa leagan críochnúil de na Bunphrionsabail.



# Ceartha leanaí a fheidhmiú

## 4. CEARTA LEANAÍ A FHEIDHMIÚ

Leagtar béim sna Bunphrionsabail ar leanaí a bheith ina ndaoine le cearta agus, sa cháil sin, gur chóir cead a bheith acu a gcuid cearta maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú gan bheann ar a n-aois ar choinníoll go bhfuil siad inniúil air sin a dhéanamh agus ar choinníoll gurb é a leas sin a dhéanamh.

### 4.1 Aois leanaí

In aighneachtaí áirithe, aontaítear le cur chuige an DPC maidir le gach bacainn nó constaic neamhriachtanach a bheadh roimh leanaí i mbun cearta a fheidhmiú a chur de leataobh agus le seasamh an DPC ar an gcéad dul síos gur féidir i bprionsabal le leanbh, gan bheann ar aois, cearta an linbh a fheidhmiú. Os a choinne sin, luaitear i roinnt aighneachtaí an cheist maidir le héagsúlacht idir riachtanais leanaí óga agus riachtanais dhéagóirí. Luaitear in aighneacht amháin go bhfuil idirdhealú tábhachtach idir déagóirí agus leanaí níos óige sa lucht úsáide agus go mbeadh réimsí aoise arna leagan síos ag an DPC ina chuidiú ag lucht an tionscail maidir lena thuiscint cé na cásanna ina bhféadfadh cúnaimh óna gcuid tuismitheoirí de dhíth ar leanaí chun a gcuid cearta a fheidhmiú agus cé na cásanna ina meastar iad a bheith san aois inar féidir leo sin a dhéanamh go neamhspleách. Luaitear in aighneacht eile an tuairim gur chóir béim a leagan sna Bunphrionsabail ar an tábhacht atá le meas ag soláthraithe seirbhíse ar an neamhspleáchas atá ag teacht chun cinn sa duine óg agus gur chóir coinníollacha a sheachaint arb é toradh a bheadh orthu go gcaitear le leanaí níos sine mar a bheidís gan inniúlacht. Luaitear in aighneacht eile arís, i ndáil lena gcuid cearta maidir le cosaint sonraí á bhfeidhmiú ag leanaí, go bhfágtar deacair ag eagraíochtaí na Bunphrionsabail a chur i bhfeidhm dáiríre agus go ndéantar ina ionad sin ualach a chur ar sholáthraithe seirbhíse ar líne agus gurb é an chaoi a gcruthaítear constaic maidir leis an gcomhlíonadh.

**Freagra an DPC:** Thug an DPC an cheist maidir le réimsí aoise agus tairseacha aoise a leagan síos faoi mheas go mionchúramach nuair a bhí na Bunphrionsabail á ndréachtú. Bunaithe ar aiseolas ó leanaí, ó shaineolaithe fásta i measc na ngeallsealbhóirí, chomh maith le hanailís fhorleiththeadach ar an dlí idirnáisiúnta, ba léir, i bhfianaise éagsúlacht shuntasach idir an fhorbairt chognaíochta ar leanaí comhaoise, go háirithe i measc leanaí luathógantachta, nár chóir teorainneacha dochta bunaithe go sonracha ar aois a leagan síos, faoi mar a éilítear in aighneachtaí áirithe, agus go deimhin go mbeadh sin in aghaidh phrionsabail CNAACL. Ina leith sin, is den ríthábhacht go dtreoraíonn Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh, sa Bharúil Ghinearálta maidir le cearta an linbh éisteacht a fháil<sup>13</sup>, gur chóir do Stáit an cearta éisteacht a fháil a chosaint don uile leanbh atá inniúil ar theacht ar thuairim dá chuid féin agus gur chóir réamhthuiscint ar an gcéad dul síos go bhfuil an leanbh in acmhainn tuairim dá chuid féin a cheapadh agus aitheantas go bhfuil de ceart ag an leanbh tuairimí a chur in iúl. Tá béim freisin ag Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh ar an gcearta éisteacht a fháil, faoi mar a chumhdaítear faoi Airteagal 12 CNAACL, a bheith neamhspleách ar aon teorainn aoise a chuirfeadh srian le cearta an linbh tuairim a chur in iúl agus moltar do Stáit gan teorainneacha aoise a thabhairt isteach faoin dlí, nó de réir gnáis, a chuirfeadh srian ar chearta leanaí éisteacht a fháil maidir le ceist ar bith a ghoilleann orthu. Is ábhar buartha ag an DPC go mbeadh saintreoir a thabhairt maidir le réimsí aoise agus a ordú nár chóir go mbeadh cead ag leanaí, mar shampla, idir aoiseanna áirithe iarratas teacht ar shonraí a chur isteach gan cúnaimh tuismitheora nó caomhnóra, ina shárú ar CNAACL. Ar an gcuma

<sup>13</sup>Barúil Ghinearálta Uimh. 12 (2009) *The Right of the Child to be Heard* - féach ailt 20 - 21



chéanna, bheadh teorainn ghéar aoise a chur i bhfeidhm ar chóir go mbeadh cead ag leanbh d'aois os a chionn iarratas maidir le teacht ar shonraí nó maidir le sonraí a scríos neamhaireach maidir le cuid mhór cásanna nach móide gurb é leas an linbh déanamh amhlaidh, mar shampla teacht a thabhairt ar shonraí pearsanta a mbeadh i ndán go gcuirfidís isteach go mór ar an leanbh. Ar na cúiseanna sin, tá an DPC den tuairim gurb é an cur chuige a leagtar amach sa leagan reatha de na Bunphrionsabail is oiriúnaí. Ba chóir go mbeadh liosta na gcritéar sin atá á chur ar fáil ag an DPC do na heagraíochtaí atá le tabhairt san áireamh agus socrú á dhéanamh an ngéillfear d'iarratas ó leanbh ina bhunús maith le tús oibre i ndáil leis na Bunphrionsabail a chur i bhfeidhm. Maidir leis an dearcadh go bhfuil ualach á chur ag an DPC ar eagraíochtaí nuair nach leagtar síos tairseacha sonracha aoise, bheadh béim ag an DPC ar an gcás nach gné de ról ná de fhreagracht rialtóirí tairseacha den sórt sin a leagan síos ná féachaint le bearta a chur i bhfeidhm a thioctadh roimh dhualgas a leagtar go soiléir ar rialaitheoirí faoin rialachán GDPR, réimsí dualgais san áireamh a thagann i gceist go háirithe faoi Airteagal 24, i ndáil le próiseáil ar shonraí leanaí, a bheith aireach maidir le réimsí baoil a ghabhann le próiseáil den sórt sin agus a dhóchúla a bheadh go dtarlódh nithe éagsúla den chineál sin, chomh maith le dualgais freagrachta. Mar a luaitear thuas, sa chás go roghnaíonn eagraíocht próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta leanaí (agus buntáiste a ghnóthú dá réir as próiseáil den sórt sin), ní mór don eagraíocht glacadh leis na deacrachtaí breise agus leis na dualgais breise a ghabhann le rogha tráchtála den sórt sin.

Maidir leis an tuairim go mbaineann coinníollacha leis na Bunphrionsabail arb é toradh atá orthu go gcaitear le leanaí níos sine mar a bheidís gan inniúlacht, ní hé atá d'aidhm leis na Bunphrionsabail go measfaí nach bhfuil na leanaí is sine inniúil acmhainneach, go deimhin ba mhian leis an DPC aird a dhíriú ar a mhalairt ar fad d'aidhm a bheith i gceist. Os a choinne sin, is é bun an chúraim, faoi mar a leagtar amach sna Bunphrionsabail, gur chóir go mbeadh ar chumas na leanaí ar fad, gan bheann ar an aois, a gcuid cearta féin a fheidhmiú, ar choinníoll go bhfuil siad inniúil ar sin a dhéanamh agus gurb é a leas sin a dhéanamh.

## 4.2 Inniúlacht a mheas

Luaitear ábhar amhras i roinnt de na haighneachtaí faoi chumas rialaitheoirí sonraí inniúlacht leanaí i measc an lucht úsáide a mheas i ndáil leis na cinntí a bhaineann le cearta leanaí maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú. Cuirtear i gceist ina leith sin gurbh fhearr dá mbeadh cinneadh den sórt sin á dhéanamh ag tuismitheoirí nó ag caomhnóirí an linbh ós acusan is fearr aithne ar an leanbh.

**Freagra an DPC:** The Admhaíonn an DPC go mbeidh gá le hacmhainní breise agus le meithle saineolais a chur ar bun in eagraíochtaí chun tabhairt faoin obair measúnachta maidir le leas an linbh agus le hinniúlacht an linbh (faoi mar a luaitear i mBarúil Ghinearálta Uimh. 14 Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh). Is gné dho-sheachanta sin de na dualgais breise a leagtar ar eagraíochtaí a roghnaíonn próiseáil a dhéanamh ar shonraí leanaí i.e. tarlaíonn sé de thoradh ar chinneadh seirbhísí a chur ar fáil do leanaí. Ní mór d'eagraíocht ar bith a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta éifeacht a chruthú an tráth céanna le cearta dhuine is ábhar sonraí a fheidhmiú. Dá bhrí sin, is gné dho-sheachanta de phróiseáil a dhéanamh ar shonraí leanaí gur gá don eagraíocht a dhéanann sin a bheith in acmhainn déileáil leis na gnéithe casta a ghabhann le cearta leanaí is ábhar sonraí a fheidhmiú (agus tagann inniúlacht a mheas san áireamh leis sin). Níor chóir go mbeadh eagraíochtaí ag féachaint leis an bhfreagracht atá orthu faoin rialachán GDPR i gcáil rialaitheoirí sonraí a leagan ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí ina n-ionad. Is faoin eagraíocht a shocrú, i gcúinsí uile an cháis, cén beart is oiriúnaí maidir le hiarratas cearta linbh is ábhar sonraí a fheidhmiú



(gan bheann ar an iarratas sin a theacht ón leanbh féin nó ó thuismitheoir/caomhnóir). Adhmaíonn an DPC gur dócha go dtiocfaidh ardáin ollscála leis na milliúin sa lucht úsáide (daoine fásta nó leanaí) i muinín dheiseanna uathoibríocha chun a chur ar chumas dhaoine is ábhar sonraí a gcuid cearta maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú. Maidir le leanaí sa lucht úsáide, ba chóir d'eagraíochtaí sruthanna sainiúla soiléire atá cóiriúil do leanaí a bheith ar bun acu a dhéanann éascaíocht do leanaí maidir lena gcuid cearta a fheidhmiú. I gcuid mhór cásanna, d'fhéadfadh gur leor deiseanna uathoibríocha den sórt seo. Ina ainneoin sin, gan bheann ar aois an úsáideora, ní mór d'eagraíochtaí bearta leordhóthanacha a bheith ar bun acu lena ndéantar foráil do mhodhanna oiriúnacha gearáin agus cúitimh ag daoine is ábhar sonraí sa chás go mbíonn iarratas níos sainiúla nó níos casta i gceist acu nó sa chás go mbíonn thuismitheoir/caomhnóir ag féachaint le cearta linbh maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú thar ceann an linbh, cásanna de chineálacha a fhágann gur gá d'eagraíochtaí déileáil le hiarratais áirithe de réir chúinsí aon chás amháin faoi leith. Measann an DPC gur dócha gur i gcás eisceachta a tharlódh gur gá inniúlacht aon leanbh amháin faoi leith a mheas maidir lena dheimhniú go bhfuil an leanbh inniúil ar chearta cosaint sonraí an linbh a fheidhmiú (agus gurb é leas an linbh sin a dhéanamh), seachas sin a bheith ina ghnáthrud. Ní foláir, ina ainneoin sin, do na heagraíochtaí na cúinsí a mheas ina dtarlódh cás eisceachta agus ina mbeadh gá le measúnacht aonair (i.e. measúnacht seachas beart uathoibríoch / measúnacht lena mbainfeadh beartaíocht an duine) agus go gcuirfí sin san áireamh an tráth a mbíonn sruthanna úsáideora á leagan amach ón tús. Ní foláir freisin cineál na sonraí pearsanta a ndéantar próiseáil orthu a thabhairt san áireamh agus a mheas an cuí, go ginearálta, déileáil le leanbh is ábhar sonraí ar bhealach uathoibríoch le deiseanna féinfhreastail. Go ginearálta, is é tuairim an DPC gur dócha, sa chás go measann eagraíocht gur cuí ar an gcéad dul síos caidreamh a chothú le leanaí d'aois áirithe agus os a chionn, agus seirbhísí a thairiscint do leanaí dá sórt ar gnáth go ndéanfaidh siad idirghníomhaíocht leis an tseirbhís go neamhspleách, gur dócha go mbeidh na leanaí sin sa lucht úsáide i riocht a gcuid cearta féin maidir le cosaint sonraí i ndáil leis an tseirbhís/eagraíocht a fheidhmiú.


Tá an DPC ag smaoineamh ar théacs míniúcháin breise maidir le hinniúlacht a mheas a chur isteach sa leagan críochnúil de na Bunphrionsabail.

### 4.3 Feidhmiú thar ceann linbh (a dheimhniú gur caomhnóir duine)



Déantar trácht i roinnt aighneachtaí ar an gceist maidir le feidhmiú thar ceann leanaí. B'ábhar sásaimh go ginearálta an liosta neamh-uilechuimsitheach de thosca a chuir an DPC ar fáil agus d'iarr geallsealbhóirí áirithe breis treorach maidir leis an ábhar sin. Tarraingítear anuas arís in aighneacht amháin an cheist maidir le laghdú sonraí agus conas a dhéanfaí a dheimhniú an é/í thuismitheoir/caomhnóir an linbh atá i nduine dáiríre gan sonraí iomarcacha a bhailiú.

**Freagra an DPC:** Ní coincheap a bhaineann leis an rialachán GDPR / cosaint sonraí amháin atá i bhfeidhmiú thar ceann an athdhuine (leanbh san áireamh) agus bheadh prótacal ar bun i mórchuid na n-eagraíochtaí maidir le déileáil le hiarratas a dhéanann ionadaí dlí, neasghaol, páirtí a fheidhmíonn de bhun cumhacht aturnae, nó go deimhin, thuismitheoirí/caomhnóirí. Níor chóir go bhféachfaí ar an bprionsabal maidir le laghdú sonraí mar chúis ag eagraíocht le freagracht rialaitheora a shéanadh nuair a thagann ceisteanna maidir le haois linbh a dheimhniú nó stádas thuismitheora nó caomhnóra i ndáil le freagracht thuismitheoireachta chun tosaigh. Mar a leagtar amach níos cuimsithí thíos, ní mheasann an DPC go dtarlaíonn neamhréir idir bearta deimhniúcháin den sórt sin a dhéanamh agus an prionsabal maidir le laghdú sonraí.





Deimhniú aoise



## 5. DEIMHNIÚ AOISE

Tarraingíodh cuid mhór tráchtairéachta agus tuairimíochta ón eárnáil phríobháideach agus ón eárnáil phoiblí araon faoin gceist maidir le deimhniú aoise. I measc na nithe a luaitear, fiafraítear an bhfuil deimhniú aoise de cheangal go teicniúil faoin rialachán GDPR agus an é an chaoi a dtarraingíonn deimhniú aoise bailiú iomarcach sonraí, rud a thiocfadh salach ar an bprionsabal maidir le laghdú sonraí. Lorgaítear samplaí sonracha de mhodhanna dochta oibre maidir le deimhniú aoise in aighneachtaí éagsúla agus éilítear in aighneachtaí eile ar an DPC gan saintreoir a thabhairt ina leith seo. Lorgaítear comhairle phraiticiúil i roinnt aighneachtaí faoi na seirbhísí is mó a measfaí baol géar i gceist leis an bpróiseáil ina leith maidir le leanaí de réimsí éagsúla aoise; iarrtar breis soiléire in aighneacht amháin faoi mhodhanna oibre agus faoi chaighdeáin a mbeifí ag tnúth leo maidir le deimhniú aoise; agus, iarrtar breis comhairle agus samplaí in aighneacht eile arís faoin dóigh, bunaithe ar réimsí baoil, inar chóir d'eagraíochtaí cur chuig toiliú tuismitheora a dhearbhu. Éilítear chomh maith ar an DPC a admháil go sainráite nach móide modhanna maidir le deimhniú aoise ar fáil go fóill lena sásófaí na caighdeáin a éilítear sa dréacht de na Bunphrionsabail agus nach bhfuil modh ar bith maidir le deimhniú aoise atá ar fáil faoi láthair gan locht nó saor ó bhaol. Luaitear in aighneacht eile nach bhféadfaí modhanna oibre maidir le deimhniú aoise d'fhonn daoine fásta a idirdhealú ó leanaí ar fud réimse leathan seirbhísí ar líne a chur i bhfeidhm faoi láthair ar chúiseanna éagsúla maidir le cúrsaí teicniúla, cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí dlí.

Ar an taobh eile den scéal ar fad, luaitear in aighneachtaí a tháinig ó eagraíochtaí san eárnáil maidir le deimhniú aoise gur ann cheana féin do mhodhanna éifeachtúla trínar féidir geataí aoise a chur i bhfeidhm ar an Idirlíon agus go mbíonn a leithéid in úsáid go hiomlán maidir le díolachán earraí a bhfuil srianta aoise i bhfeidhm ina leith agus deis a cheadú ar sheirbhísí den chineál céanna, mar shampla ar sheirbhísí cearrbhachais, agus go ndéantar seiceáil den sórt sin na mílte uair in aghaidh an lae. Tugtar le tuiscint in aon aighneacht amháin nach féidir na cearta a bhronntar ar leanaí faoin dlí idirnáisiúnta agus faoin dlí náisiúnta a fheidhmiú i gcomhthéacs an Idirlín mura sonraítear ar an gcéad dul síos gur leanaí atá iontu agus nach é aidhm dá chuid féin atá i ndeimhniú aoise dá bharr sin ach an ní is bunúsaí maidir le cearta ar bith nó polasaithe ar bith a bhaineann le haois an duine a thabhairt i gcrích.

Luaitear in aighneacht eile go n-áitíonn cuid mhór díobh siúd a dhéanann aipeanna a fhorbairt nó a chuireann láithreáin gréasáin ar fáil go bhfuil deacracht le toiliú tuismitheora a fháil agus gur bac ar thaitneamh an úsáideora na deiseanna agus an teicneolaíocht ina leith sin agus “dá bharr sin, tá roinnt ardáin ag tabhairt neamhaird ar leanaí atá ag fógairt dátaí breithe níos sine i ngeataí aoise laga chun rochtain a fháil ar sheirbhísí”. Cuirtear i gceist san aighneacht gur gá na leanaí sin a chosaint agus go bhfuil de fhreagracht ar ardáin na leanaí a admháil agus caitheamh leo ar bhealach cuí.

**Freagra an DPC:** Is den tábhacht aird a dhíriú ar an mbéim shoiléir a leagtar sna Bunphrionsabail, sa chás nach féidir, i ndáil le hardán lucht airdill measchta, le rialaitheoirí modhanna dochta iontaofa measúnachta a chur i bhfeidhm maidir le haois úsáideora, a thaispeáint go dtéitear de réir réamhshocraithe ar ais go dtí bunleibhéal lena mbaineann cosaint shoiléir ag **gach duine** den lucht úsáid ionas go gcinntítear

an chosaint shonrach ag leanaí a bhfuil tnúth leis faoin rialachán GDPR. Ní fhágann cur chuige neamhghníomhach le béim ar a theoranta atá seifteanna teicneolaíochta faoi láthair maidir le haois úsáideora a dheimhniú díolúine ag rialaitheoir maidir leis an dualgas bearta éifeachtúla a dhéanamh chun leanaí i measc an lucht úsáide a chosaint. Éilítear faoin rialachán GDPR go ndéanann rialaitheoirí bearta faoi leith i ndáil le leanaí. Murar féidir leanaí a idirdhealú ó dhaoine eile sa lucht úsáide, ní mór do na rialaitheoirí a chinntiú go mbíonn tairbhe ag an uile dhuine den lucht úsáide as bunleibhéal cosanta ionas go gcuirtear na Bunphrionsabail seo i bhfeidhm maidir leis an bpróiseáil uile ar shonraí leanaí.

## 5.1 Cur chuige uilechuimsitheach maidir le deimhniú aoise

Áitítear i roinnt aighneachtaí gur chóir plé le deimhniú aoise mar ghné amháin d'iarrachtaí leanúnacha a oibríonn le chéile chun toradh éifeachtúil a chur ar fáil seachas mar aon bheart amháin. Síleann na heagraíochtaí sin gur chóir déileáil le deimhniú aoise mar aon deis amháin i measc sraith deiseanna éagsúla, mar shampla bearta maidir le cosaint sonraí trí shaincheapadh agus trí réamhshocrú, a chuirtear i bhfeidhm d'fhonn taithí ar líne atá oiriúnach don aois a chinntiú.

**Freagra an DPC:** Tuigeann an DPC nach ann d'aon tseift fhoirfe amháin maidir le deimhniú aoise agus admhaítear sin sna Bunphrionsabail. Aontaítear nach mbeidh gá le deimhniú aoise ar an leibhéal céanna i ngach cás agus go bhféadfadh gá le deiseanna éagsúla a úsáid le chéile maidir le deimhniú aoise i ndáil le cuid mhór táirgí agus seirbhísí ionas go gcinntítear cur chuige sáréifeachtúil. Mar shampla, ní móide go mbeadh i mbearta deimhniúcháin tús áite, mar shampla seiceáil aoise, ach an chéim tosaigh sa sruth deimhniú aoise ag eagraíocht agus d'fhéadfadh céimeanna agus bearta idirghabhála breise eile ina dhiaidh sin d'fhonn cinnteacht níos mó maidir le haois an úsáideora. Ní féidir leis an DPC sainordú a thabhairt maidir leis na modhanna is oiriúnaí ag eagraíochtaí éagsúla ó tharla go mbeidh athrú suntasach idir comhthéacsanna ag brath ar thosca éagsúla, mar shampla cineál na sonraí pearsanta agus an leibhéal baoil a ghabhann leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta. Os a choinne sin, cibé sraith modhanna a chuirtear in úsáid, ní mór a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil toradh docht éifeachtúil orthu agus go dtugtar leibhéal iontaofachta i gcrích atá i gcomhréir leis an leibhéal baoil a ghabhann leis an bpróiseáil atá i gceist. Tá an DPC ag smaoineamh ar leasú a oibriú ar an gcuid de na Bunphrionsabail a bhaineann le deimhniú aoise lena dtabharfaí san áireamh torthaí taighde ar an gceist a foilsíodh le tamall anuas.


## 5.2 Deimhniú aoise agus laghdú sonraí

Luaitear in aighneachtaí éagsúla go bhféadfadh deimhniú aoise a bheith ina shiocair le mórchuid bailiú sonraí pearsanta i dtús báire agus go bhféadfadh sonraí iomarcacha a bheith á mbailiú, agus go dtarlódh neamhréir ina dhiaidh sin lena n-éilítear maidir le comhréireacht agus leis an bprionsabal maidir le laghdú sonraí.

---

**Freagra an DPC:** Ní aontaíonn an DPC go bhfuil aon mhírér ó bhunús idir laghdú sonraí agus sonraí pearsanta a bhailiú chun aois úsáideora a dheimhniú agus ní mheastar gur bac ar dheimhniú aoise an prionsabal maidir le laghdú sonraí.

Faoin bprionsabal maidir le laghdú sonraí, éilítear ar eagraíocht gan níos mó faisnéise a bhailiú ná is gá chun an chuspóir a chur i gcrích. Nuair is í an chuspóir atá le próiseáil ar shonraí pearsanta aois úsáideora a dheimhniú, níor chóir go mbeadh bac ar bith maidir le laghdú sonraí ar eagraíocht sin a dhéanamh ar chuntar nach mbailíonn an eagraíocht sonraí ar bith ach amháin na sonraí is gá chun an chinnteacht a éilítear maidir le haois úsáideora a dheimhniú, i.e. an leibhéal cinnteachta atá i gcomhréir leis an leibhéal baoil a ghabhann leis an bpróiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta. Is gá an prionsabal maidir le laghdú sonraí a mheas sa chomhthéacs seo in éineacht leis na prionsabail maidir le cúngú cuspóra agus le teorannú stórála atá chomh tábhachtach céanna. Ciallaíonn seo nach ndéanann eagraíocht sonraí pearsanta a bhailítear ar mhaithe le deimhniú aoise a úsáid maidir le haon chuspóir eile (rud a d'fhágfadh go gcoinneofaí iad ar leithligh ó sonraí pearsanta ó fhoinsí eile a d'fhéadfadh a bheith in úsáid go rialta e.g. maidir le seirbhísí a chur ar fáil go leanúnach) agus go ndéantar na sonraí pearsanta a bhailítear mar lón faisnéise don phróiseas maidir le deimhniú aoise a scríos a luaithe a bhíonn an leibhéal cuí cinnteachta maidir le haois an úsáideora bainte amach. Tá an DPC ag smaoineamh ar théacs breise a chur leis an leagan críochnúil de na Bunphrionsabail ag díriú ar na ceisteanna seo.



Próifíliú,  
Margaíocht  
Dhíreach agus  
Fógraíocht



## 6. PRÓIFÍLIÚ, MARGAÍOCHT DHÍREACH AGUS FÓGRAÍOCHT

Luaitear mar ábhar buartha i roinnt aighneachtaí go bhfuil an DPC, le Bunphrionsabal Uimh. 12 (“Cosc ar phróifíliú”), ag cur toirmeasc uilechuimsitheach ar phróifíliú; go gcuirtear i gceist leis na Bunphrionsabail nach é leas an linbh próifíliú i gcás ar bith; agus go bhfuil teorainneacha an rialachán GDPR, chomh maith leis an modh oibre atá ag údarais eile cosaint sonraí, á sárú go mór ag an DPC. Os a choinne sin, aontaítear in aighneachtaí éagsúla le seasamh an DPC maidir le próifíliú, moltar an cosc daingean ar fhógraíocht agus ar dhíriú ar bhonn tráchtála ar leanaí agus luaitear gur den rithábhacht go gcosnaítear leanaí ar chóras casta teicneolaíochta maidir le fógraíocht.


### 6.1 Cáineadh chur chuige an DPC arna áitiú go bhfuil toirmeasc uilechuimsitheach i gceist lena sáraítear teorainneacha an rialachán GDPR

**Freagra an DPC:** Níl fíor, mar a áitítear, go bhfuil toirmeasc uilechuimsitheach ar phróifíliú á chur i bhfeidhm ag an DPC. Luaitear go soiléir sa dréacht de na Bunphrionsabail<sup>14</sup> nár chóir do sholáthraithe seirbhíse ar líne próifíliú a dhéanamh ar leanaí ná córas cinntí uathoibríoch a oibriú maidir le leanaí, ná úsáid eile a bhaint as a gcuid sonraí pearsanta chun críche margaíochta nó fógraíochta más féidir leis an eagraíocht a thaispeáint go soiléir an dóigh agus an chúis gurb é leas an linbh go ndéanfaí sin. Baineann an srianadh seo maidir le próifíliú le comhthéacs faoi leith na margaíochta agus na fógraíochta. Fiú amháin maidir leis na réimsí sin, más féidir leis na soláthraithe seirbhíse ar líne a thaispeáint gur é leas an linbh an próifíliú sin a dhéanamh, níl cúis ar bith, i bprionsabal, nach féidir leo é a dhéanamh. Is faoin rialaitheoir a thaispeáint conas is amhlaidh an cás. Ina ainneoin sin, tuigeann an DPC go bhféadfadh míshuaimhneas áirithe a bheith á cheangal leis an teideal “Cosc ar phróifíliú”, agus táthar ag smaoineamh dá bharr sin ar leasú foclaíochta d’fhonn déileáil leis an gceist sin. Tríd is tríd, tá an DPC cinnte go bhfuil an seasamh a leagtar amach faoi láthair sa dréacht de na Bunphrionsabail ag teacht le barúil Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh faoi mar a léirítear in alt 42 de Bharúil Ghinearálta Uimh. 25<sup>15</sup>. Go deimhin, téann Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh níos faide ná an DPC ó thaobh an chur chuige a mholtar maidir le próifíliú arna lua gur chóir go ginearálta do na húdarais Stáit próifíliú nó díriú ar leanaí *chun críche tráchtála* a thoirmeasc gan aon idirdhealú maidir le haois an linbh:

*42. Ba cheart go gcuirfidh an Stát atá ina pháirtí cosc de réir dlí ar phróifíliú nó díriú le haghaidh cuspóirí tráchtála ar leanaí in aon aois ar bhonn taifid digiteach dá gcuid saintréithe a bhfuil dáiríre nó tugtha le tuiscint, lena n-áirítear sonraí grúpa nó comhchoiteanna, díriú trí bhainteacht nó próifíliú finíochta. Ba cheart cosc a chur chomh maith ar rannpháirtíocht go díreach nó go hindíreach ar leanaí ó chleachtais a bhraitheann ar néaramhargaíochta, anailísíocht mhothúchánach, fógraíocht thumthach agus fógraíocht i dtimpeallachtaí fíorúla agus timpeallachtaí réaltachta bhreisithe chun táirgí, feidhmeanna agus seirbhísí a chur chun cinn.*

<sup>14</sup>Ar leathanach 7

<sup>15</sup>Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh, Barúil ghinearálta Uimh. 25 (2021) on children’s rights in relation to the digital environment. Ar fáil ag: [https://tbinternet.ohchr.org/\\_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CRC/C/GC/25&Lang=en](https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CRC/C/GC/25&Lang=en)



Ní aontaíonn an DPC ach oiread lena n-áitítear i roinnt aighneachtaí go bhfuil seasamh an DPC maidir leis an gceist seo níos géire ná an seasamh ag údarás eile maidir le cosaint sonraí, mar shampla an ICO. Sa cháipéis *Age-Appropriate Design Code*, de chuid an ICO, tugtar rabhadh i ndáil le próifiliú *ginearálta* ar leanaí, arna lua gur gá d'eagraíochtaí rogha ar bith is cuid den tseirbhís a mhúchadh de réir réamhshocraithe mura bhfuil ar a gcumas a thaispeáint go bhfuil cúis fhíorláidir nach mar sin is cóir, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh. Pléitear sna Bunphrionsabail le próifiliú sa chomhthéacs sonracha maidir le *margaíocht dhíreach agus fógraíocht* atá dírithe ar leanaí, agus luaitear nár chóir d'eagraíochtaí próifiliú a dhéanamh ar leanaí chun na críche sin mura bhfuil ar a gcumas a thaispeáint gurb é leas an linbh sin a dhéanamh. Tá cur chuige den chineál céanna i gceist ag údarás cosaint sonraí na Fraince<sup>16</sup> leis na moltaí maidir le leanaí a chosaint ar líne<sup>17</sup> faoi mholadh Uimh. 8 (*"Ráthaíocht shonrach maidir le leas an linbh a chosaint"*) (aistriúchán neamhoifigiúil), ina luaitear gur chóir do rialaitheoirí sonraí próifiliú ar leanaí a sheachaint mar, fiú mura bhfuil toirmeasc iomlán i gceist, tá srianadh ar phróifiliú a dhéanamh ar leanaí le tuiscint ó aithrisí faoin rialachán GDPR, ó threoirlínte BECS agus ó threoirlínte ó rialtóirí eile, de leithéid ICO agus an DPC, ach amháin nuair is é leas an linbh próifiliú a dhéanamh. Tá seasamh den chineál céanna ag údarás na hÍsiltíre maidir le cosaint sonraí arna leagan amach i gCód maidir le Cearta Leanaí. Comhairlítear ansin gan próifiliú a dhéanamh ar leanaí mura bhfuil cúis shármhaith leis maidir le leas an linbh. <sup>18</sup>Dá bhrí sin, meastar go bhfuil seasamh an DPC maidir leis an gceist seo ag teacht go hiomlán leis an seasamh atá ag údarás eile maidir le cosaint sonraí.

---


<sup>16</sup>La Commission Nationale de l'Informatique et des Libertés (CNIL)

<sup>17</sup>Féach <https://www.cnil.fr/fr/recommandation-8-prevoir-des-garanties-specifiques-pour-protoger-l-inter-et-de-lenfant> (an DPC a rinne an t-aistriúchán thuas ar an mbunábhar Fraincise)

<sup>18</sup>See <https://codevoorkinderrechten.nl/> (In Ollainnis)

---

## 6.2 Próifíliú ar mhaithe le sainchóiriú




Luaitear i roinnt de na haighneachtaí nach ndéantar plé sna Bunphrionsabail ar phróifíliú ar mhaithe le cúiseanna seachas fógraíocht, mar shampla ionracas agus sábháilteacht (a bhféadfadh tábhacht a bheith leis maidir le teacht ag leanaí ar ábhar díobhálach a chosc) agus sainchóiriú pearsanta, rud a luann eagraíochtaí áirithe a d'fhéadfadh cur le taitneamh an linbh as seirbhís a úsáid, mar shampla, trí láithreán gréasáin saindirithe, spéisiúil, ábhartha a chur ar fáil do leanaí ionas go gcinntítear gur mó an taitneamh a bhíonn acu as. Moltar in aighneacht amháin gur chóir soiléiriú breise a thabhairt sna Bunphrionsabail ar a dtugtar san áireamh le “margaíocht agus fógraíocht” i gcomhthéacs úsáid as (mar shampla) innill moltaí a d'fhéadfadh a bheith buntábhachtach maidir le feidhmiú seirbhísí áirithe ar líne ach nach bhfuil dírithe go sonrach ar fhógraíocht, e.g. moltaí maidir le hábhar léitheoireachta atá oiriúnach ag leanaí. Molann eagraíochtaí áirithe don DPC cur chuige bunaithe ar réimsí baoil a thabhairt i bhfeidhm maidir le hoiriúnacht phróifíliú leanaí a mheas agus soiléiriú a thabhairt maidir le scóip na ngníomhartha lena mbaineann an Bunphrionsabal maidir le “Cosc ar phróifíliú”.

**Freagra an DPC:** Admhaíonn an DPC go n-éilítear soiléiriú breise maidir le próifíliú ar mhaithe le cúiseanna seachas fógraíocht agus tabharfar sin san áireamh i gcomhthéacs an leagan críochnúil de na Bunphrionsabail a ullmhú.


## 6.3 Próifíliú agus leas an linbh

Luaitear i roinnt de na haighneachtaí an tuairim go bhfuil de dhearcadh forghabhálach i gceist sa dréachtleagan de na Bunphrionsabail nach féidir próifíliú agus leas an linbh a chur i bhfeidhm in éineacht. Moltar in aighneacht amháin gur chóir cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha leanaí a admháil sna Bunphrionsabail, neamhspleáchas leanaí san áireamh, cé nach é sin amháin is cóir a lua, agus gur chóir cur chuig an bpróifíliú ar bhealach atá bunaithe ar réimsí baoil agus ag teacht leis an rialachán GDPR.


**Freagra an DPC:** Measann an DPC nach dtarlódh go ginearálta próifíliú *ar mhaithe le bearta margaíochta agus fógraíochta* ag teacht leis an seasamh nár chóir aon chur isteach ar leas an linbh agus próiseáil á dhéanamh ar shonraí pearsanta leanaí murar féidir leis an eagraíocht a mhalairt a thaispeáint. Mar a luaitear thuas, tá sin i gcomhréir le Barúil Ghinearálta Uimh. 25 Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh.







Deiseanna  
chun cosaint  
sonraí ar  
ardleibhéal a  
chinntiú do  
leanaí



---

## 7. DEISEANNA CHUN COSAINT SONRAÍ AR ARDLEIBHÉAL A CHINNTIÚ DO LEANAÍ

### 7.1 Bearta maidir le cosaint sonraí trí shaincheapadh agus trí réamhshocrú

Cuireadh roinnt tuairimí faoi bhráid an DPC maidir leis an gcuid faoi bhearta maidir le Cosaint Sonraí trí Shaincheapadh agus trí Réamhshocrú (CSSR). Luaitear an tuairim in aighneacht amháin go bhfuil liosta na samplaí de bhearta CSSR a chuireann an DPC ar fáil ró-fhorordaitheach agus go bhfuil sé deacair go leor roinnt de na bearta a cheangal leis an 14 Bunphrionsabal nó le fuilleach an ábhair sa dréacht den treoir. Iarrtar breis treorach in aighneacht eile agus míniúchán breise maidir leis na cineálacha den phróiseáil sonraí a mheastar a bheith dochrach seachas chun leasa na leanaí, agus áitítear go mb'fhéidir gur mhaith leis an DPC cur chuige a mholadh ar aon dul le cur chuige an ICO ina leith seo.

Luaitear ábhar amhrais i roinnt aighneachtaí maidir le moladh an DPC gur chóir bailiú agus próiseáil shonraí bithméadrachta leanaí a sheachaint, arna lua go bhfuil táirgí áirithe ar gá sonraí bithméadrachta a phróiseáil ionas go n-oibríonn siad agus, i gcásanna áirithe, gur féidir leas a bheith as teicneolaíocht bithméadrachta maidir le leanaí a chosaint. Díritear aird freisin ar chásanna nach féidir próiseáil sonraí a dhéanamh ar an ngléas amháin mar gheall ar an moladh go ndéanfaí an phróiseáil ar an ngléas.

Tarraingítear amhras in aighneacht amháin ar bheart an DPC maidir le “socruithe príobháideachais réamhshrocraithe” agus luaitear gur chosúil, sa chás go roghnaíonn déagóir socrú príobháideachais réamhshocraithe a athrú, gur chosúil coinníoll lena n-éilítear “athrú uathoibríoch ar ais go dtí an socrú réamhshocraithe” ag deireadh an tseisiúin sin ag dul i gcoinne ghnéithe eile de na Bunphrionsabail, agus go mbeadh easpa measa ar rogha an úsáideora ag dul in aghaidh a n-éilítear faoi Airteagal 5 CNACL aird a thabhairt ar an éabhlóid maidir le hinniúlacht an linbh.

Luaitear an tuairim chomh maith go mbaineann roinnt bearta CSSR le bearta rialála nó le bearta maoirseacht tuismitheora agus cé, sa chuid is mó de na cásanna, go n-admhaítear sna Bunphrionsabail nach móide go mbeadh sin oiriúnach i gcónaí, tá le tuiscint ó roinnt den fhocláíocht go mbeidh gá i gcónaí le páirt tuismitheora gan bheann ar inniúlacht forbartha an linbh ná ar aois an linbh (ag tagairt do na bearta maidir le scaipeadh agus feiceálacht agus smacht a lucht airdill). Luaitear san aighneacht go mba chabhair a shoiléiriú sna Bunphrionsabail nach mbeidh na bearta seo oiriúnach i ngach cás agus a áitiú in athuair go dtagann i gceist le leas an linbh a theacht ar an gcothromaíocht maidir le freagracht, cearta agus dualgais thuismitheoirí/chumhdaitheoirí comhairle a chur maidir le cearta leanaí a fheidhmiú agus ceart agus inniúlacht na leanaí a gcuid cearta féin a fheidhmiú thar a gceann féin.

**Freagra an DPC:** Leagtar treoir thábhachtach atá bunaithe ar phrionsabail amach in alt 7.1 agus in alt 7.2 sna Bunphrionsabail maidir leis na tosca is gá d'eagraíochtaí a thabhairt san áireamh nuair a bhíonn a gcuid socruithe, gnéithe, roghanna úsáideora, etc. á leagan amach acu agus á meas. Luaitear go sonrath gur liosta samplaí an liosta de bhearta CSSR a leagtar amach in Alt 7.3, gur liosta sampla a bhí ann agus gur léir nach mbeadh gach beart dá leithéid oiriúnach agus/ná dlite i ngach cás faoi leith.


Tá béim ag an DPC ar a thuiscint nach cloí docht le liosta forordaitheach de bhearta a éilítear ar eagraíochtaí faoin rialachán GDPR ach go ndéanfadh eagraíochtaí scrúdú mionghéar ar na socruithe, gnéithe, roghanna úsáideora, etc. atá ina gcuid de sheirbhísí na n-eagraíochtaí féin maidir leis na leanaí i measc a lucht úsáide féin agus measúnacht ionraic macánta maidir leis an mbaol dáiríre a chruthófaí do leanaí i measc an lucht úsáide trí na socruithe agus na gnéithe céanna a chur ar fáil a bhíonn ar fáil do dhaoine fásta sa lucht úsáide. Caitheann eagraíochtaí chomh mór céanna breithniú forghinearálta a thabhairt ar a gcuid seirbhísí agus a gcuid córais oibriúcháin d'fhonn gnéithe a mbaineann baol leo a thabhairt chun suntais agus a chinntiú go dtarlaíonn maolú ar na réimsí baoil sin nó a gcur ar neamhní ar fad. Áitíonn an DPC go láidir nach faoin gCoimisiún soláthraithe seirbhíse, go mór mór san earnáil dhigiteach, a threorú maidir le cosaint sonraí trí shaincheapadh agus trí réamhshocrú a chur i bhfeidhm, ó thús beartaíochta nó ar bhonn leanúnach, maidir le leanaí sa lucht úsáide nó le daoine fásta ach oiread. Is iad na heagraíochtaí is fearr a thuigeann sainghnéithe maidir lena gcuid seirbhísí féin agus ní mór dóibh an t-eolas sainiúil sin a chur i gcumasc leis an saineolas cuí maidir le dearthóireacht, forbairt an linbh, cosaint an linbh agus réimsí eile agus a mheas an bhfuil a gcuid dualgais faoin rialachán GDPR á gcomhlíonadh go dáiríre acu, go háirithe maidir le cosaint sonraí trí shaincheapadh agus trí réamhshocrú. I ngach cás, ní mór don eagraíocht a bheith in ann a thaispeáint go ndearnadh measúnacht chuimsitheach den sórt seo, an dóigh ina ndearnadh sin agus an chúis ar socraíodh ar an gcur chuige atá i gceist, cibé an mbaineann sin le beart CSSR faoi leith a roghnú (a d'fhéadfadh a bheith ar cheann acu sin ar an liosta sampla in Alt 7.3 nó beart eile) nó a shocrú nach gcuirfí beart CSSR i bhfeidhm.

Tá an DPC i mbun meastóireachta maidir le haon soiléiriú eile a d'fhéadfadh a bheith de dhíth maidir le hAlt 7 i bhfianaise na dtéamaí thuas a thagann chun cinn sna haighneachtaí.

## 7.2 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)

Iarrtar breis treorach i roinnt aighneachtaí faoi DPIA agus teimpléad arna chur ar fáil ag an DPC. Iarrtar treoir freisin faoin úsáid is fearr a d'fhéadfadh eagraíochtaí a bhaint as leas an linbh ar cheann de na príomhdheiseanna measúnachta maidir le réimsí baoil le linn DPIA a dhéanamh, agus faoin dóigh a bhféadfadh eagraíochtaí a thaispeáint, maidir le cáipéisíocht agus cuntasacht, go raibh an prionsabal maidir le leas an linbh siocrach maidir le gnéithe dearthóireachta, forbartha, forfheidhmiúcháin agus/nó oibriúcháin sheirbhís de chuid eagraíochta.

**Freagra an DPC:** Ba cheart gur gnáthrud cheana féin ag eagraíocht ar bith a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta leanaí DPIA a dhéanamh agus is gnéithe bunúsacha de dhéanamh DPIA an struchtúr agus na bealaí is fearr chun na tosca a tugadh san áireamh leis an DPIA a thaispeáint agus le cuntas a choinneáil orthu. Nuair a bhíonn DPIA i gceist a bhaineann go sonrath le measúnacht ar chórais próiseála maidir le sonraí pearsanta leanaí, tá an DPC den tuairim gur gá d'eagraíochtaí dul i gcomhairle le saineolaithe maidir le forbairt leanaí agus le sábháilteacht leanaí ionas go gcinntítear go dtugtar ábhar baoil san áireamh a d'fhéadfaí a chruthú go carnach do leanaí mar chuid de na bearta próiseála. Tá an DPC i mbun meastóireachta maidir le hábhar breise a chur leis an téacs sa leagan críochnúil de na Bunphrionsabail i bhfianaise na dtuairimí thuas.



# An Chéad Chéim Eile



---

## 8. AN CHÉAD CHÉIM EILE

Tá an DPC i mbun an leagan críochnúil den dréacht de Bhunphrionsabail a ullmhú faoi láthair d'fhonn an leagan críochnúil a fhoilsiú i ndeireadh na bliana 2021. Mar a luaitear thuas, ar an leagan críochnúil a fhoilsiú, beidh éifeacht láithreach leis na Bunphrionsabail agus ní bheidh aon tréimhse eatramhach i gceist maidir lena gcomhlíonadh.

